# CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Jessika ROSWALL

## An Comhshaol, Athléimneacht i réimse an Uisce agus Geilleagar Ciorclach Iomaíoch

**1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí agus de do thaithí phearsanta atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Nuair a bhí mé ag fás aníos sa tSualainn sna 70idí agus sna 80idí, ba mhinic a mhothaigh mé go raibh an tAontas Eorpach i bhfad i gcéin. B'fhéidir mar gheall ar ár suíomh geografach ar imeall na mór-roinne, chomh maith lenár stair agus é de nós againn féachaint orainn féin mar thír atá neamh-ailínithe agus neamhspleách, ní raibh sé cinnte riamh go dtiocfadh an tSualainn isteach san Aontas lá éigin. Mar sin féin, nuair a chuaigh mé i mbun feachtais chun go mbeadh an tSualainn ina Ballstát agus mé i m'iníon léinn óg a bhí gníomhach go polaitiúil go luath sna 90idí, ba é ba chúis leis sin go raibh mé cinnte ní hamháin faoi na tairbhí eacnamaíocha a thiocfadh as ballraíocht ach toisc go raibh a fhios agam freisin gur bhain an tSualainn leis an tionscadal Eorpach. Agus é bunaithe ar an oscailteacht, ar an tsaoirse agus ar dhínit an duine, léirigh an tAontas mianta mo ghlúine agus an todhchaí a bhí ag teastáil uainn dár leanaí.

Tá cuimhne ghrinn agam ar an am sin: an plé sa bhaile; na díospóireachtaí scoile; agus na cruinnithe le saoránaigh i hallaí baile agus i gcearnóga ar fud na tíre. Thar aon ní eile, is cuimhin liom an bród ollmhór a bhraith mé nuair a rinneadh Ballstát den tSualainn faoi dheireadh. Ní féidir liom smaoineamh ar onóir níos mó ná a bheith in ann leanúint de bheith ag múnlú ár dtodhchaí coitinne Eorpaí agus mé i mo Choimisinéir.

Mar mháthair agus mar sheanmháthair bhródúil, ceist níos lárnaí anois domsa is ea an cineál Aontais a fhágfaimid don chéad ghlúin eile. Is iomaí dúshlán atá ann roimh ár slándáil, roimh ár rathúnas agus roimh an dúlra a mbraithimid air le haghaidh ár bhfolláine. Ach táim lánchinnte de freisin go bhfuil sé de neart againn na dúshláin sin a shárú má oibrímid i gcomhar a chéile.

Agus mé i m'Aire Gnóthaí AE le linn Uachtaránacht na Sualainne ar an gComhairle in 2023, cuireadh de chúram orm Eoraip níos glaise, níos sábháilte agus níos rathúla a chur chun cinn. Dá mhéid dúshlán a bhain le treo an Aontais a stiúradh le linn tréimhse éiginnteachta nach bhfacthas a leithéid riamh, is fíor gur mór an sásamh a bhain leis chomh maith, agus is mé atá bródúil as an ról a bhí agam ó thaobh ár dtacaíocht don Úcráin a choinneáil ar bun, ó thaobh an t-iomaíochas a chur ar bharr an chláir oibre agus ó thaobh cuidiú le teacht ar chomhaontú maidir leis na codanna substaintiúla den phacáiste'Oiriúnach do 55'.

Cúpla seachtain ó shin, chuir an tUachtarán von der Leyen de chúram orm, mar Choimisinéir ainmnithe, réimse sainchúraimí a théann i bhfeidhm ar shaol na nEorpach ar fad. Mar a luaigh an tUachtarán sa litir mhisin a chuir sí chugam, 'tá an t-aeráid agus cosaint an dúlra ríthábhachtach le haghaidh an rathúnais agus na sláinte.' Má dheimhnítear m'ainmniúchán, rannchuideoidh mé le cur chun feidhme na dtreoirlínte polaitiúla i mo cháil mar Choimisinéir um an gComhshaol, um Athléimneacht i réimse an Uisce agus um Gheilleagar Ciorclach Iomaíoch, agus trína bheith i mo chomhalta gníomhach comhoibríoch díograiseach den Choláiste freisin. Is beag réimse

beartais ar mó a lorg ar *acquis* an Aontais ná iad sin. Dá bhrí sin, beidh an-tábhacht ag baint le dlúthchomhar le comhaltaí eile den Choláiste — tá súil agam gur léirigh mé an bua sin go soiléir i rith mo ghairmréime polaitiúla agus creidim gurb amhlaidh a léirigh.

Agus mé i mo Choimisinéir, chuirfinn tábhacht ar leith ar an Eoraip a chur in iúl do na saoránaigh sna Ballstáit, maidir le saincheisteanna a bhaineann le mo chuid sainchúraimí féin mar aon le saincheisteanna eile nach iad. Dá bhrí sin, bheinn ag tnúth le cuairt a thabhairt ar na Ballstáit uile agus ar go leor réigiún chomh maith, agus le plé gníomhach a bheith agam lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta — go háirithe i gcomhthéacs Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal agus an Chonartha Dhomhanda maidir le Plaistigh. I gcomhréir le sprioc an Choimisiúin ról geopholaitiúil na hEorpa a neartú, déanfaidh mé mo dhícheall freisin a áirithiú go mbeidh an tAontas ar thús cadhnaíochta ó thaobh rialachas comhshaoil domhanda de, go háirithe i ndáil le cosaint na bithéagsúlachta, athléimneacht i réimse an uisce agus beartais a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach, ar rudaí iad uile a chuirfidh lenár n-iomaíochas domhanda agus lenar n-inbhuanaitheacht comhshaoil araon.

Agus mé i mo Choimisinéir, leanfainn freisin lenár n-obair thábhachtach ar an gcomhionannas inscne agus ar rannpháirtíocht na hóige, saincheisteanna a bhfuil ceannaireacht iontach léirithe ag an bParlaimint ina leith. Mar a léiríodh le Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe agus le Fóram Domhanda ECFE maidir leis an gComhshaol, tá tionchar inscneshonrach ag athruithe comhshaoil. Dá bhrí sin, áiritheoidh mé, mar a cheanglaítear leis an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, go n-oibreoidh mé chun an príomhshruthú inscne a chur chun feidhme ar fud na mbeartas comhshaoil, agus mé ag obair i gcomhar leis an gCoimisinéir um Chomhionannas agus ag baint leas as acmhainní ar nós Chomhordaitheoir Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil um Chomhionannas agus Thascfhórsa an Choimisiúin um Chomhionannas. Áiritheoidh mé go ndéanfar anailís ar an tionchar inscneshonrach ábhartha i measúnuithe tionchair agus rachaidh mé i dteagmháil le páirtithe leasmhara maidir leis na saincheisteanna sin. Chuige sin, cuirfear san áireamh an tionchar a imríonn beartais chomhshaoil ar mhná, mná i gcomhphobail leochaileacha go háirithe, agus áiritheofar nach measa a bheidh na neamhionannais atá ann faoi láthair mar gheall ar ár n-aistriú i dtreo na hinbhuanaitheachta.

Is iad na glúnta óga a bheidh thíos le caillteanais bhuan na cáilíochta comhshaoil agus na bithéagsúlachta. Agus bíonn a gcuid tuairimí féin ag daoine óga– tuairimí éagsúla go minic – maidir leis an gcur chuige is ceart a bheith ann i leith beartais chomhshaoil, athléimneacht i réimse an uisce, agus an gheilleagair chiorclaigh. Táim ag tnúth dá bhrí sin le mo chéad Idirphlé Beartais bliantúil leis an Aos Óg, rud a reáchtálfainn laistigh den chéad 100 lá de mo shainordú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, beidh spéis ar leith agam i mbualadh le hionadaithe óige ar fud an Aontais agus go hidirnáisiúnta, daoine óga ó eagraíochtaí comhshaoil agus feirmeoirí óga san áireamh. Is rud iad na comhairliúcháin sin a chuideoidh liom dearcadh daoine óga a thuiscint agus mé ag múnlú na mbeartas atá faoi mo réimse inniúlachta agus nuair atáim ag déanamh ionadaíocht thar ceann an Choimisiúin ar fud an domhain.

Agus mé ag iarraidh bhur muiníne mar Choimisinéir ainmnithe, geallaim go gcloífidh mé leis na caighdeáin eiticiúla is airde, go ngníomhóidh mé i gcomhréir leis na Conarthaí i gcónaí agus go n-urramóidh mé an Cód Iompair do Choimisinéirí. Le linn Uachtaránacht na Sualainne ar an gComhairle, bhí sé fíorthábhachtach dom gníomhú mar idirghabhálaí macánta agus comhthuiscint idir na Ballstáit a bhaint amach. Agus mé i mo Choimisinéir ní ghlacfainn teagasc ó aon Rialtas ná ó aon eintiteas eile, agus thiomnóinn mé féin go hiomlán do leas na hEorpa a chur chun cinn. Dá dtiocfadh cás chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ina choinbhleacht leasa agus mé i mbun mo chuid dualgas, chuirfinn an tUachtarán ar an eolas láithreach. Táim lándáiríre faoi na gealltanais sin: mar dhlíodóir oilte, mar iarchomhalta de Chomhlachas Barra na Sualainne, mar Fheisire Parlaiminte fhadtéarmach agus mar Aire, tá mo shaol tiomnaithe agam don tseirbhís bunaithe ar phrionsabail an ionracais, an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta.

### 2. An réimse cúraim a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa

*An féidir leat gealltanas a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

Ó bunaíodh an tAontas, is ar an gcomhar atá a neart bunaithe. Gan an comhar sin thar theorainneacha náisiúnta, thar réigiúin agus ar fud dearcthaí polaitiúla éagsúla, ní bheifí in ann an tionscadal Eorpach a bhaint amach riamh. Tá prionsabal an chomhair cumhdaithe freisin sa chaidreamh idir ár n-institiúidí. Geallaim go seasfaidh mé leis an bprionsabal sin.

Mar Fheisire Parlaiminte fhadtéarmach, mar iar-Aire Gnóthaí AE agus mar Choimisinéir ionchasach, is maith is eol dom a thábhachtaí atá sé dul i dteagmháil leis na saoránaigh ar mian liom freastal orthu. Mar chomhalta den Choláiste, agus urraim á tabhairt agam do na nósanna imeachta a leagtar amach sa Chonradh, tuigim go mbeinn cuntasach d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa a thoghtar go díreach. Sin mar a d'oibrigh mé sa rialtas agus sin mar a d'oibreoinn agus mé i mo Choimisinéir.

Tá ceannaireacht léirithe arís agus arís eile ag an bParlaimint seo maidir le haistriú inbhuanaithe na hEorpa. Tá gníomhaíocht agus torthaí soiléire éilithe agaibh agus ag an am céanna chuir sibh tuairimí in iúl ó na saoránaigh siúd atá imníoch go bhfuil ár mbeartais róchasta uaireanta. Tá an méid sin feicthe agam féin le linn mo thréimhse mar Aire Gnóthaí AE nuair a bhí Uachtaránacht na Comhairle ag an tSualainn, ós rud é gur ghlac mé páirt i mbeagnach 50 díospóireacht sa suí iomlánach. Thug sé sin léargas luachmhar dom ar mhianta agus ar ábhair imní na Parlaiminte, rud a chuidigh liom ó thaobh naisc a chruthú idir na comhreachtóirí. Ní mór an t-aistriú inbhuanaithe agus an t-aistriú cóir a fhorbairt i gcomhar leis an bParlaimint chun an tacaíocht dhaonlathach is leithne agus na torthaí beartais is éifeachtaí a áirithiú.

Geallaim go leanfaidh mé leis na malartuithe sin má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir agus go n-oibreoidh mé chun an caidreamh speisialta idir an Pharlaimint agus an Coimisiún a threisiú i gcomhréir leis na gealltanais a dhearbhaigh an tUachtarán ina treoirlínte polaitiúla, le Creat-Chomhaontú 2010 agus le Comhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Agus mé i mo Choimisinéir, dhéanfainn deimhin de go mbeadh an teagmháil go léir idir an Pharlaimint agus mo *cabinet* bunaithe ar an oscailteacht, an trédhearcacht, an mhuinín fhrithpháirteach agus ar mhalartú rialta faisnéise, agus chuige sin ghlacfainn páirt mé féin in éisteachtaí coiste, i ndíospóireachtaí sa suí iomlán agus sa chaibidlíocht idirnáisiúnta.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé go gníomhach de réir ghealltanas an Uachtaráin ról níos láidre a thabhairt don Pharlaimint ó thaobh an reachtaíocht a thionscnamh agus a mhúnlú. Bheinn sásta aon rún ón bParlaimint faoi Airteagal 225 laistigh de raon feidhme mo shainchúraimí a phlé faoi chuimsiú idirphlé struchtúrtha tiomnaithe leis an gcoiste inniúil agus glacfaidh mé ról gníomhach i bpléití an Choimisiún a dhéanfar de bhun rúin den sórt sin. Chun ligean don Pharlaimint a formhaoirseacht dhaonlathach a fheidhmiú go héifeachtach, geallaim go gcuirfinn an fhaisnéis is gá ar fáil maidir le tionscnaimh bheartaithe agus nósanna imeachta reachtacha reatha agus dhéanfainn sin ar bhealach soiléir tráthúil agus ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle. Cumhdaítear leis na gealltanais sin freisin freagraí tapa soiléire a thabhairt ar sheasaimh na Parlaiminte agus ar iarrataí uaithi ar thionscnaimh reachtacha. Agus dar ndóigh, i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtaíocht Níos Fearr, déanfaidh mé deimhin de go mbeidh an Pharlaimint go hiomlán ar an eolas faoin tionchar sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíoch a bhaineann le haon reachtaíocht atá beartaithe.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia</u>

*3. Cad iad na céimeanna nithiúla a dhéanfaidh tú i gcomhthéacs na Straitéise Athléimneachta Eorpaí maidir le hUisce chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtúlacht, ganntanas, agus truailliú uisce agus ar an riosca a bhaineann le huisce? Conas a chuirfidh tú sonraíochtaí na mBallstát aonair san áireamh, lena n-áirítear sonraíochtaí talmhaíochta, agus an caidreamh ríthábhachtach idir uisce agus éiceachórais shláintiúla, agus teicneolaíochtaí atá ar fáil á gcur san áireamh freisin? Cad iad na bearta atá i gceist agat a dhéanamh chun ardchaighdeáin uisce a bhaint amach agus a choinneáil, lena n-áirítear trí fhorfheidhmiú an chreata dhlíthiúil atá ann cheana?*

Ábhar a bhfuil tábhacht dhomhanda ag baint leis is ea an t-uisce agus ní mór don Aontas leanúint de cheannaireacht a léiriú ina leith. Bainistiú inbhuanaithe uisce, athléimneacht i réimse an uisce, agus ganntanas uisce – beidh siadsan ar na príomhdhúshláin roimh an Aontas agus a Bhallstáit sna blianta atá amach romhainn. Cothaíonn an t-uisce daoine, gnólachtaí, talmhaíocht, bonneagar, fuinneamh, loingseoireacht intíre agus éiceachórais iomlána mar aon leis na héicisheirbhísí a chuireann na héiceachórais sin ar fáil. Ach tá an t-uisce faoi bhrú cheana féin i roinnt áiteanna san Eoraip agus ar fud an domhain mar gheall ar an athrú aeráide, míbhainistiú struchtúrach, úsáid talún neamh-inbhuanaithe, athruithe hidreamoirfeolaíocha, agus an truailliú.

Níos mó agus níos mó, tá réigiúin agus cathracha na hEorpa buailte ag tonnta teasa marfacha, ganntanas uisce agus tulcaí. Tá sé ríthábhachtach córas bainistithe uisce atá glan, éifeachtúil agus ciorclach a áirithiú le haghaidh na saoránach agus ar mhaithe le rathúnas agus iomaíochas inbhuanaithe an Aontais ar fud gach earnála eacnamaíche (féach ceist 8 freisin). Rochtain ar uisce glan a chinntiú do chách – ní mór é sin a bheith ina chuid lárnach de chlár oibre an 'aistrithe chóir'.

Dá bhrí sin, is éard a bheidh i gcuspóir foriomlán na Straitéise Athléimneachta Eorpaí maidir le hUisce, cáilíocht agus cainníocht uisce a chaomhnú san Aontas agus lasmuigh den Aontas, cur le buntáiste iomaíoch nuálach ár dtionscail uisce agus aghaidh a thabhairt ar na rudaí is bunchúis leis na dúshláin uisce, rudaí ar nós an truaillithe, an ghanntanais uisce, agus thionchar an athruithe aeráide. Beidh an Straitéis comhlántach leis an bPlean Eorpach um Oiriúnú don Athrú Aeráide, an Sásra Eorpach um Chosaint Shibhialta agus an Comhshocrú Eorpach um na hAigéin. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-nialasacht agus Fás Glan, an Coimisinéir um Ullmhacht agus Bainistíocht Ghéarchéime, agus an Coimisinéir um an Iascach agus na hAigéin, chun a áirithiú go mbeidh cur chuige comhsheasmhach ann ar fud ár dtionscnamh uile a bhaineann leis an uisce. Beidh an chomhpháirtíocht agus an dlúthpháirtíocht ina bpríomhchoincheapa sa chomhthéacs sin.

Tá cur chuige cuimsitheach 'foinse go farraige' ríthábhachtach chun bainistiú fionnuisce a chomhtháthú ar feadh an timthrialla uisce. I gcomhpháirtíocht leis an gCoimisinéir um an Iascach agus na hAigéin, táim tiomanta maoirseacht inbhuanaithe a áirithiú dár n-éiceachórais mhuirí agus chósta, rud a chruthóidh bunús láidir le haghaidh Geilleagar Gorm rathúil.

Beidh trí phríomhghné nithiúla ag baint leis an gcur chuige a bheidh agam – díreoidh mé ar an reachtaíocht atá ann cheana a chur chun feidhme go críochnúil, ar infheistíochtaí móra a dhéanamh i mbonneagar uisce agus i dteicneolaíochtaí ábhartha na tionsclaíochta glaine, agus ar an reachtaíocht a shimpliú nuair is áisiúil sin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, beidh sé ina thosaíocht agam an phríomhreachtaíocht a chur chun feidhme trí idirphlé leis na páirtithe leasmhara ábhartha, agus tabharfaidh mé tacaíocht shaincheaptha do na Ballstáit chun freastal ar riachtanais shonracha, lena n-áirítear sna réigiúin. Táim tiomanta don idirphlé sin, ach ní bheidh aon drogall orm gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh i gcás neamh-chomhlíonadh struchtúrach. Maidir le riachtanais mhaoiniúcháin, tá rún agam dul i gcomhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus le hinstitiúidí airgeadais agus páirtithe leasmhara eile chun réitigh airgeadais nua a fhorbairt agus chun borradh a chur faoin infheistíocht i réitigh bhonneagair thraidisiúnta mar aon le réitigh bhonneagair atá bunaithe ar an dúlra.

Agus aird á tabhairt agam ar ár ndifríochtaí agus ar ár ndúshláin réigiúnacha, d'fhorbróinn Straitéis Athléimneachta Eorpach maidir le hUisce a thacódh le cur chuige comhtháite i leith bainistiú uisce atá saincheaptha do dhálaí sonracha gach Ballstáit. Ar fud an Aontais, is iomaí fadhb atá romhainn a bhaineann leis an uisce, agus ina measc sin tá ganntanas acmhainní de dheasca tréimhsí fada triomaigh, tuillte tubaisteacha agus díghrádú na n-éiceachóras uisce i dtimpeallachtaí fionnuisce agus muirí araon. Íocann na saoránaigh agus ár gcuideachtaí go daor as na fadhbanna sin uile. Cé gur dúshláin choitianta ar fud an Aontais iad sin, ní hionann a minicíocht ná a ndéine i ngach cás. I gcomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Chomhtháthú agus Athchóirithe, déanfaidh mé mo dhícheall infheistíocht a shlógadh agus tacaíocht a thabhairt do na hathchóirithe a théann i ngleic leis na fadhbanna sin. Ní mór dúinn an sprioc a leagadh amach dúinn féin comhtháthú sóisialta agus críochach ár bpobal tuaithe agus uirbeach ar fud an Aontais a chaomhnú mar aon le hathléimneacht na bpobal sin a fheabhsú.

Cuimhním ar na dúshláin shonracha atá ann don earnáil talmhaíochta atá thíos go mór le ganntanas uisce agus le barrachas uisce agus toisc cáilíocht an uisce a bheith ag dul in olcas. Creidim go bhfuil sé ríthábhachtach bearta sonracha a dhéanamh chun tacú le cleachtais talmhaíochta atá athléimneach ó thaobh an uisce de agus chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar diúltach a imríonn ritín chun srutha substaintí cothaitheacha (níotráití san áireamh) agus lotnaidicídí ar an gcáilíocht uisce. I gcomhpháirtíocht leis an gCoimisinéir um an Talmhaíocht agus Bia, beidh mé ar mo dhícheall athléimneacht i réimse an uisce a fhréamhú san Fhís nua le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia.

Sa Straitéis Athléimneachta maidir le hUisce, is mian liom freisin forbairt agus úsáid na nuatheicneolaíochtaí a chur chun cinn trí rochtain ar mhaoiniú a éascú agus tríd an éifeachtúlacht uisce, athúsáid an uisce san áireamh, a chur chun cinn. Cuirfidh sé sin leis an mbuntáiste nuálach agus leis an saineolas atá ag earnáil uisce an Aontais cheana féin i mbonneagar uisce, san éifeachtúlacht uisce, sa digitiú, agus san Intleacht Shaorga.

Táim tiomanta athléimneacht dhomhanda i réimse an uisce a chur chun cinn agus má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, rachaidh mé i mbun idirphlé agus comhpháirtíochtaí le tríú tíortha, go háirithe le Toscaire Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le hUisce, mar ullmhúchán do Chomhdháil Uisce 2026 na Náisiún Aontaithe. Beidh sé ina phríomhthosaíocht agam rochtain ar uisce sábháilte agus ar shláintíocht a áirithiú agus an

comhar trasteorann maidir le huisce a chothú. Ach tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht ilpháirteach i leith an uisce trí ardáin amhail Coinbhinsiún UNECE nó Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac, cuirfear leis an tsíocháin agus an chobhsaíocht dhomhanda.

*4. Cad iad na bearta nithiúla atá i gceist agat a chur i láthair mar chuid den Ghníomh um an nGeilleagar Ciorclach chun éileamh ar amhábhair thánaisteacha a chruthú sa mhargadh agus chun margadh aonair do dhramhaíl a bhunú? Seachas cur chun feidhme riachtanach na reachtaíochta atá ann cheana, an rachaidh an Gníomh seo níos faide ná an t-athbhreithniú ar an gcreat reatha maidir le dramhaíl agus táirgí inbhuanaithe? Cad é an éifeacht ionchasach ar lorg comhshaoil an Aontais, ar úsáid acmhainní agus ar iomaíochas an Aontais? Cad iad na gníomhaíochtaí sonracha earnála -- mar shampla, i leith amhábhair chriticiúla agus teicstílí -- a dhéanfaidh tú, agus i bhfianaise allmhairí ó thríú tíortha?*

Is é is cuspóir don aistriú ciorclach imeacht ó chur chuige líneach go dtí cur chuige saolré le haghaidh táirgí agus ábhar. Tá sé sin ríthábhachtach chun an t-iomaíochas agus an fheidhmíocht eacnamaíoch a fheabhsú agus ár lorg comhshaoil agus ár spleáchas ar acmhainní príomhúla a laghdú ag an am céanna. Ach cur chuige ciorclach a bheith ann, déanfar táirgiúlacht acmhainní agus úsáid amhábhar tánaisteach a bharrfheabhsú agus ba cheart na cineálacha cur chuige sin a bheith ina gcuid lárnach den Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan.

Is iad eastóscadh agus próiseáil acmhainní is cúis le breis agus leath de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda, cion mór de na hiarmhairtí sláinte a bhaineann leo, agus formhór chailliúint na bithéagsúlachta nuair a chuirtear an t-athrú ar thalamhúsáid san áireamh. Is iad acmhainní an costas ionchuir is mó le haghaidh thionscal monaraíochta na hEorpa, rud a fhágann go bhfuil úsáid stuama agus réasúnach na n-acmhainní ríthábhachtach don iomaíochas. Tá tionscail an Aontais ag brath ar amhábhair chriticiúla agus straitéiseacha agus tá córais chiorclacha ceaptha chun acmhainní a choinneáil in úsáid chomh fada agus is féidir, rud a fhágann gur lú an dramhaíl a bheidh ann agus gur lú freisin na spleáchais sheachtracha a chuireann ár neamhspleáchas straitéiseach oscailte i mbaol.

Tá obair mhór déanta le linn an tsainordaithe roimhe seo chun tionscnaimh nua a thabhairt isteach agus athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhphíosaí reachtaíochta.

Mar sin féin, níl an Margadh Aonair don gheilleagar ciorclach ann go fóill.

Ar na príomhdhúshláin atá roimh aistriú an Aontais chuig geilleagar ciorclach tá an t-éileamh measartha íseal ar amhábhair thánaisteacha, ar tháirgí ciorclacha agus ar sheirbhísí mar aon le margadh aonair neamhéifeachtach do dhramhaíl. Cuireadh an méid sin i dtábhacht i dtuarascálacha Letta agus Draghi. Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, sin iad cuid de na réimsí ar mhaith liom aghaidh a thabhairt orthu.

Chun geilleagar ciorclach iomaíoch a bhaint amach agus an leas is mó is féidir a bhaint as tairbhí an Mhargaidh Aonair, tá sé ríthábhachtach neamhéifeachtúlachtaí sa mhargadh a cheartú (féach ceist 9 freisin). Is minic a bhíonn amhábhair thánaisteacha níos costasaí ná ábhair phríomhúla nach mbíonn tionchar comhshaoil a n-eastósctha ná a bpróiseála san áireamh ina bpraghsanna de ghnáth. Sula gcuirfidh mé an Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach i láthair, déanfaidh mé measúnú críochnúil ar na dúshláin sin agus scrúdóidh mé réitigh fhéideartha trí idirphlé fairsing le páirtithe leasmhara, údaráis náisiúnta agus lucht gnó, agus mé ag smaoineamh i gcónaí ar an iomaíochas a fheabhsú agus ar phróisis a chuíchóiriú. Cuimseoidh sé sin straitéisí chun úsáid amhábhar tánaisteach a mhéadú sa tslí go laghdófar an lorg comhshaoil —go háirithe ó thaobh loirg tomhaltóirí agus ábhar de — agus go dtacófar le buntáiste iomaíoch ár dtionscail.

Feictear dom go bhfuil gealladh faoi trí bhunchloch:

- Cur chun feidhme praiticiúil na reachtaíochta cuimsithí a d’fhormheas an Pharlaimint agus an Chomhairle le linn an tsainordaithe roimhe seo. Cuimsíonn sé sin faireachán, luathrabhadh agus cúnamh teicniúil, chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar réitigh mhaoiniúcháin.
- An Margadh Aonair a ghiaráil, arb é atá i gceist leis sin comhchuibhiú níos fearr agus cur chuige níos éifeachtaí a bheith ann i leith saincheisteanna amhail Freagracht Leathnaithe Táirgeora agus critéir Deiridh Dramhaíola, mar aon le cuíchóiriú agus simpliú;

- Eacnamaíocht an aistrithe chiorclaigh a neartú agus táirgí agus samhlacha gnó ciorclacha a chur chun cinn, lena n-áirítear i sruth an dramhthrealaimh leictreonaigh, sruth atá ag fás go tapa agus atá lán d'ábhair chriticiúla agus d'ábhair luachmhara eile.

Ní mór dúinn cuimhneamh freisin go ngníomhaíonn an tAontas ar na margaí domhanda agus go bhfuil éifeachtaí ag ár mbeartais lasmuigh dár dteorainneacha. Dá bhrí sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i gcomhar le mo chomh-Choimisinéirí ar ghné sheachtrach na ciorclaíochta. Ba mhaith liom dul i mbun comhoibriú chun cothrom iomaíochta a áirithiú, lena n-áirítear trí fhaireachas margaidh. Ní mór dúinn allmhairí amhábhar criticiúil a éagsúlú freisin agus an chiorclaíocht a chur chun cinn trí na Comhpháirtíochtaí um Thrádáil agus Infheistíocht Ghlan d'fhonn caidreamh fadtéarmach comhthairbheach a chothú.

Chun na hionstraimí is éifeachtaí agus is oiriúnaí le haghaidh an Ghnímh um an nGeilleagar Ciorclach a chinneadh, ba mhaith liom dul i mbun comhairliúcháin fhorleathana agus measúnuithe tionchair cuimsitheacha a dhéanamh, agus mé ag féachaint go cúramach leis an *acquis* reatha, na himpleachtaí airgeadais ionchasacha agus an t-ualach riaracháin a chur in iúl. Cé go bhfuil gá le haon ghníomhaíocht fhéideartha a spriocdhíriú mar is ceart, tá rún agam dul níos faide ná an t-athbhreithniú ar an gcreat, i gcás inarb iomchuí. Ar na hionstraimí a d'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith acu tá tuilleadh comhchuibhithe, bearta atá dírithe go sonrach ar shruth méadaitheach an dramhthrealaimh leictreonaigh, bearta chun margaí nua a chothú trí spriocanna a leagan síos maidir le cion athchúrsáilte, dreasachtaí eacnamaíocha agus athbhreithniú ar na beartais soláthair phoiblí. Agus aitheantas á thabhairt agam d'éagsúlacht na n-ábhar agus do na dúshláin ar leith a bhaineann leo ó thaobh soláthair agus éilimh de, ní bheidh 'aon chur chuige amháin do chách' in úsáid agam. Ina ionad sin, leanfaidh mé de chur chun feidhme na straitéisí agus na reachtaíochta le haghaidh plaistigh, ceallraí, pacáistiú agus teicstílí agus ár n-iarrachtaí á n-oiriúnú agam ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar shainiúlachtaí gach earnála.

Thairis sin, mar a luadh sa litir mhisin a cuireadh chugam, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, tá rún agam Straitéis Bhithgheilleagair nua a chur i láthair chun an nuálaíocht agus táirgeadh inbhuanaithe bithábhar ar mhórscála a spreagadh agus chun leas a bhaint as sineirgí leis an ngeilleagar ciorclach (féach ceist 7 freisin).

Ina theannta sin, bainfidh mé leas as na féidearthachtaí atá ann faoin Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe ar mhaithe leis an ngeilleagar ciorclach, i gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara, chun a áirithiú go mbeidh na ceanglais éicidhearthóireachta cuíchóirithe, oibríochtúil agus éifeachtúil (féach ceist 9 freisin).

Ar an iomlán, is é is cuspóir dom Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach a ullmhú lena ndéanfar lorg comhshaoil an Aontais a laghdú go seasmhach agus iomaíochas an Aontais a neartú agus ár neamhspleáchas straitéiseach oscailte a chothú ag an am céanna.

*5. Conas a chuirfidh tú an plean gníomhaíochta maidir le truailliú nialasach chun feidhme lena áirithiú go dtabharfar aghaidh ar gach earnáil go cuí i gcás inar gá, agus an dóigh leat go mbeadh bearta breise le déanamh? Cathain a chuirfidh tú togra i láthair i gcomhair athbhreithniú ar REACH a áiritheoidh simpliú, agus cosaint fheabhsaithe na sláinte agus an chomhshaoil agus tionscal iomaíoch á ráthú? Cén plean atá agat le haghaidh PFAS chun nochtadh daoine agus an chomhshaoil dóibh a íoslaghdú agus creat soiléir indéanta don tionscal á áirithiú trí úsáidí bunriachtanacha a chur san áireamh?*

Is cearta bunúsacha iad an t-uisce glan agus an t-aer glan a théann chun tairbhe do chách. Tá na bearta faoi Phlean Gníomhaíochta 2021 maidir le Truailliú Nialasach curtha i gcrích anois nó tá dul chun cinn maith déanta ina leith, lena n-áirítear reachtaíocht athbhreithnithe, neartaithe agus nuashonraithe a chuireann leis an gComhaontú Glas don Eoraip maidir le cáilíocht aeir, truailleáin uisce, cóireáil fuíolluisce uirbigh, astaíochtaí tionsclaíocha, mearcair agus maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú ceimiceán díobhálach. I gcomhréir le treoirlínte an Uachtaráin thoghaí, beidh sé ina thosaíocht do na blianta amach romhainn na bearta nua sin a chur chun feidhme agus tacú leis na Ballstáit – idir réigiúin agus chathracha – lena gcur i bhfeidhm, ar mhaithe le daoine, na daoine is leochailí go háirithe, agus cuideachtaí araon.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, cuirfidh mé forléargas cuimsitheach ar fáil maidir leis an dul chun cinn atá déanta i leith ár spriocanna maidir le truailliú nialasach a bhaint amach faoi 2030. Ar na príomhchéimeanna atá fós le déanamh tá bailchríoch a chur ar na meastóireachtaí atá ar siúl faoi láthair ar an reachtaíocht maidir le níotráití, an creat maidir leis an straitéis mhuirí, agus an t-uisce snámha, mar aon leis an

tseiceáil oiriúnachta ar an bprionsabal ‘costas an truaillithe ar an truaillitheoir’. Beidh an Straitéis Athléimneachta maidir le hUisce atá beartaithe tábhachtach sa chomhthéacs sin freisin.

Ina theannta sin, i dtreoirlínte polaitiúla an Uachtaráin thoghaí, iarrtar go mbeadh pacáiste maidir le tionscal na gceimiceán mar chuid den Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan. Ba cheart go neartódh an pacáiste sin forfheidhmiú na reachtaíochta maidir le ceimiceáin chun cothrom iomaíochta a bhaint amach, i gcás díolacháin ar líne freisin, d’fhonn tacú le seasamh iomaíoch cuideachtaí inbhuanaithe an Aontais a choinneáil ar bun ar fud an domhain. Thairis sin, ba cheart go dtabharfadh sé níos mó tacaíochta do thionscal na gceimiceán, d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide go háirithe, agus iad ag aistriú chuig roghanna malartacha níos sábháilte. Geallaim go n-ullmhóidh mé, i gcomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch, pacáiste maidir le tionscal na gceimiceán a chuimseoidh togra reachtach le haghaidh athbhreithniú ar Rialachán REACH in 2025 (féach ceist 8 freisin). Ba mhaith liom go ndéanfaí san athbhreithniú ar Rialachán REACH an creat rialála a shimpliú agus a nuachóiriú chun an t-iomaíochas inbhuanaithe agus an tslándáil san Aontas a mhéadú agus chun cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil a áirithiú. Táim ag iarraidh athbhreithniú a dhéanamh ar dhéchóras na n-údaruithe agus na srianta chun go laghdófar go mór an gá atá le húdaruithe aonair i leith úsáidí substaintí guaiseacha, agus chun na ceanglais faisnéise i bpríomhréimsí amhail suaiteoirí inchríneacha a fheabhsú freisin. Leis sin, dúnfar na bearnaí faisnéise agus cuirfear feabhas ar an rialú riosca.

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Aibreáin 2024 maidir le ‘coincheap na húsáide riachtanaí’, aithnítear go bhfuil feidhmeanna tionsclaíocha suntasacha ag substaintí guaiseacha, PFAS (substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile) san áireamh, atá ríthábhachtach don aistriú glas agus don aistriú digiteach agus dár neamhspleáchas straitéiseach chomh maith. An togra atá ann faoi láthair ó thaobh srian a chur le PFAS i raon leathan feidhmeanna tomhaltóra agus tionsclaíocha, ba cheart go gcuirfeadh sé tuilleadh soiléireachta agus intuarthachta ar fáil a luaithe is féidir. Is féidir liom a thabhairt le fios cheana féin go bhféachfaidh mé le toirmeasc a chur ar PFAS in úsáidí tomhaltóirí ar nós cosmaidí, ábhair teagmhála bia agus éadaí lena gcaitheamh amuigh faoin aer. I gcás nach bhfuil roghanna malartacha leormhaithe ó thaobh feidhmíochta agus sábháilte de ar fáil, thacóinn le PFAS a úsáid go fóill i bhfeidhmeanna tionsclaíocha, feidhmeanna criticiúla go háirithe, faoi choinníollacha dianrialaithe go dtí go dtiocfar ar roghanna ionadaíocha inghlactha, in éineacht le rialacha dochta maidir le hastaíochtaí agus diúscairt chun srian a chur lena scaoileadh amach sa chomhshaol, agus dreasachtaí soiléire chun dul i mbun nuála agus ionadaigh inbhuanaithe a fhorbairt.

*6. An bhfuil tú tiomanta an reachtaíocht reatha a bhaineann leis an dúlra a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go hiomlán agus go tráthúil, agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais bhaint amach? Conas a áiritheoidh tú go mbeidh leibhéal leordhóthanach maoinithe ar fáil chun na bearta sin a chur chun feidhme, lena n-áirítear Ciste tiomnaithe um Athchóiriú an Dúlra a d'fhéadfadh a bheith sa chéad CAI eile? Conas, dar leat, a dhéanfar creat do na creidmheasanna dúlra a fhorbairt?*

Táim tiomanta an reachtaíocht uile a bhaineann leis an dúlra a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go hiomlán agus go tráthúil agus **gealltanais idirnáisiúnta bithéagsúlachta** an Aontais, go háirithe faoi Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal, a chomhlíonadh. Cuireann éiceachórais shláintiúla tairbhí iomadúla ar fáil do dhaoine agus dár sochaithe, cuir i gcás maolú ar an athrú aeráide, oiriúnú, cosc ar bhaol tubaistí, slándáil bia, slándáil uisce agus cineálacha éagsúla éicisheirbhísí eile. Tá an méid sin ríthábhachtach d’fholláine ár sochaí agus d’athléimneacht ár ngeilleagar mar aon lenár n-iomaíochas fadtéarmach.

Cé gur cosúil go bhfuil an sprioc faoinár lámh againn ó thaobh cosaint dhlíthiúil a thabhairt do 30% dár n-achar talún, tá gá le hiarrachtaí breise chun an sprioc chéanna a bhaint amach dár bhfarraigí. Thairis sin, ní mór dúinn a áirithiú go ndéanfar gach limistéar faoi chosaint a bhainistiú agus a chaomhnú chun na tairbhí iomlána a bhaineann leo a chur ar fáil dár sochaí, dár ngeilleagar, agus dar ndóigh, don dúlra féin.

Uirlisí atá tábhachtach ach solúbtha atá san *acquis* a bhaineann leis an dúlra agus sna Treoracha an Dúlra mar a thugtar orthu agus an Rialachán nua maidir le hAthchóiriú an Dúlra a chuimsítear leis, lena gcuidítear le héiceachórais a chosaint agus a athchóiriú, éicisheirbhísí tábhachtacha a choimirciú agus athléimneacht na hEorpa a mhéadú. Tríd an méid sin a dhéanamh, cuireann siad lenár n-iomaíochas freisin. Tá gá freisin le hiad a chur chun feidhme go hiomlán chun gealltanais idirnáisiúnta an Aontais a chomhlíonadh, gealltanais a bheidh i measc na bpríomhthosaíochtaí agam má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, díreoidh mé ar an gcur chun feidhme agus mé ag obair i ndlúthchomhar leis na páirtithe leasmhara uile agus úsáid á baint agam as an mbosca uirlisí iomlán atá ar fáil, rud a chuimsíonn cúnamh teicniúil, fothú acmhainneachta, dearbhú comhlíontachta, agus forfheidhmiú. Ba mhaith liom dul i dteagmháil leis na réigiúin freisin chun a ndúshláin shonracha a phlé. Táim tiomanta don simpliú, beidh sé d’aidhm agam na hualaí riaracháin nach bhfuil gá leo a laghdú a mhéid is féidir agus comhleanúnachas agus sineirgí idir beartais éagsúla a fheabhsú nuair is féidir gan an bonn a bhaint de chuspóirí ár mbeartas.

Creidim gur gá dúinn uirlisí digiteacha a chur in úsáid go tapa agus an leas is mó is féidir a bhaint astu. Go háirithe, rannchuideoidh teicneolaíochtaí um fhaire na cruinne le gníomhaíochtaí cur chun feidhme agus forfheidhmiúcháin agus an t-ualach ar pháirtithe leasmhara á íoslaghdú ag an am céanna.

Infheistíochtaí atá dearfach don dúlra – ní mór iad a mhéadú chun geilleagar athléimneach iomaíoch a bhaint amach. Ach infheistíocht a dhéanamh sa dúlra, ní hamháin go dtabharfaimid aghaidh ar dhúshláin chomhshaoil ach cruthóimid deiseanna nua freisin do dhaoine agus do ghnólachtaí agus ó thaobh poist a chruthú in earnálacha atá ag teacht chun cinn. Beidh gá le maoiniú leordhóthanach poiblí agus príobháideach don dúlra.

Tá roinnt deiseanna maoiniúcháin ar fáil don dúlra cheana féin faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil agus ní mór leas iomlán a bhaint astu sin. Mar a leagtar amach i dTreoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin thoghaí, tá cur chuige nua de dhíth orainn le haghaidh buiséad treisithe don chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile. Ní mór é a bheith d’aidhm againn buiséad nua fadtéarmach a chruthú a bheidh níos spriocdhírithe, níos cuíchóirithe agus a mbeidh tionchar níos mó aige, agus ba cheart a léiriú ann freisin tosaíochtaí straitéiseacha Eorpacha agus ár n-uaillmhian a bheith inár gCoimisiún don infheistíocht. Táim tiomanta measúnú a dhéanamh ar an gcaoi is fearr dúinn rannchuidiú le hathchóiriú an dúlra ó fhoinsí éagsúla agus dreasachtaí a chruthú chun luach saothair a thabhairt d’fheirmeoirí agus do bhainisteoirí talún eile atá ag obair leis an dúlra ar bhealach measúil. Oibreoidh mé air sin i gcomhar leis an gCoimisinéir um an Talmhaíocht agus Bia agus an Coimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí. Ní mór dúinn machnamh a dhéanamh ar dtús ar an gceist ‘cad ba mhaith linn a mhaoiniú’ agus ansin ‘conas’ is fearr is féidir linn ár gcuspóirí a chomhlíonadh agus na torthaí is fearr a bhaint amach ar an láthair. Is amhlaidh a dhéanfaimid ár gcistiú níos éifeachtaí.

I bhfianaise an ghéarghá atá le cistiú breise agus na deiseanna suntasacha eacnamaíocha a bhaineann leis, tá rún agam, má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, féachaint ar dhreasachtaí margadhbhunaithe a bhunú agus a chur i bhfeidhm, rud a bheidh comhlántach leis an gcistiú poiblí. Chuimseodh sé sin deimhnithe agus creidmheasanna dúlra atá ceaptha chun luach saothair airgeadais a thabhairt dóibh siúd a bhíonn ag gabháil do chleachtais inbhuanaithe. D’fhéadfadh na dreasachtaí sin cuideachtaí árachais a spreagadh chun níos mó infheistíochta a dhéanamh in éiceachórais láidre, cuidiú le gnólachtaí ó thaobh leas a bhaint as éicisheirbhísí agus forbairt na dtáirgí inbhuanaithe a chur chun cinn. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, tá sé i gceist agam dul i mbun idirphlé le páirtithe leasmhara ábhartha agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an obair ar scéimeanna píolótacha le haghaidh deimhniú bithéagsúlachta agus creidmheasanna dúlra, rud a chuirfidh leis na hiarrachtaí náisiúnta atá ar siúl faoi láthair. Ba cheart do na scéimeanna sin cloí le dianchritéir cháilíochta atá i gcomhréir le cuspóirí Eorpacha agus cuspóirí idirnáisiúnta maidir leis an mbithéagsúlacht.

*7. Conas a bhainfidh an Straitéis Bhithgheilleagair nuashonraithe leas iomlán as an mbithgheilleagair Eorpach ar bhealach inbhuanaithe agus i gcomhréir leis na cuspóirí arna leagan amach sa Chomhaontú Glas? Cad iad na gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanfaidh tú chun straitéis eolaíochtbhunaithe a imlonnú a rannchuideoidh go mór le hiomaíochas eacnamaíoch an Aontais, agus acmhainní comhshaoil agus nádúrtha á n-urramú?*

Tá earnáil bithgheilleagair an Aontais ag dul i méid; is earnáil í a chuireann réitigh mhalartacha agus nuálacha ar fáil ar fud réimse leathan earnálacha, cuir i gcás talmhaíocht, bia, tógáil, ábhair amhail plaistigh agus teicstílí, ceimiceáin, agus iompar, agus a thugann roinnt deiseanna suimiúla do shaoránaigh agus cuideachtaí an Aontais. Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, tá sé i gceist agam féachaint ar an leas is mó is féidir a bhaint as na hearnálacha bithgheilleagair atá ag dul i méid. Creidim gur féidir leis an mbithgheilleagar cur go mór leis an iomaíochas agus leis an rathúnas agus é ina chomhlánú tábhachtach ar an gciorclaíocht agus ina chuid thábhachtach de Chomhaontú an Aontais maidir le Tionsclaíocht Ghlan. Cuirfidh mé Straitéis Bhithgheilleagair nua i láthair i gcomhréir le gealltanas an Uachtaráin leanúint ar aghaidh leis an gComhaontú Glas don Eoraip. Feictear dom gur príomhghné de chlár oibre iomaíochais inbhuanaithe agus de bheartais thionsclaíocha an Aontais í an Straitéis

Bhithgheilleagair, agus í nasctha leis an nGníomh um an mBith-theicneolaíocht, leis an Straitéis um Eolaíochtaí Beatha agus leis an nGníomh um an nGeilleagar Ciorclach.

Mar chuid de Straitéis Bhithgheilleagair fheabhsaithe, ní mór dúinn tacú le mórinfheistíochtaí agus iad a chumasú, is é sin, infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí, earnálacha, táirgí agus ábhair ar féidir leo cur le huas-scálú an bhithgheilleagair. Téama lárnach a bheidh sa chiorclaíocht, á áirithiú go ndéanfaidh an bithgheilleagar an brú ar an gcomhshaol a laghdú, an bhithéagsúlacht a chosaint agus raon iomlán na n-éicisheirbhísí a fheabhsú. Is é atá i gceist leis sin úsáid straitéiseach bithmhaise a chothú agus an bhithmhais a choinneáil sa gheilleagar chomh fada agus is féidir sula n-úsáidtear í le haghaidh táirgeadh fuinnimh, agus an úsáid is mó is féidir a bhaint as bunábhar tánaisteach (cuir i gcás dramhaíl bhia agus feirmeoireachta, seachtháirgí, agus foshruthanna).

Creidim gur gá a aithint inár gcur chuige go bhfuil an bhithmhais in-athnuaite, ach nach mbeidh sí ann go deo. Agus an iomaíocht le haghaidh bithmhaise á géarú, tá sé ríthábhachtach go mbainisteoimid an brú ar thalamh agus ar bhithmhais i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais lena n-áirítear Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal. Tá sé sin ag brath ar fhoinsiú inbhuanaithe bunábhar agus cur chun feidhme phrionsabal na húsáide cascáidí, á áirithiú go mbainfear an leas is mó as an mbithmhais ó thaobh an gheilleagair agus an chomhshaoil de. Agus muid ag díriú ar bhunábhair nach bhfuil mórán úsáide á baint astu faoi láthair agus a chloíonn le prionsabail na hinbhuanaitheachta agus na ciorclaíochta, is féidir linn tairbhiú den mhéid is féidir a bhaint amach le bithfhuinneamh inbhuanaithe, go háirithe in earnálacha ar nós na heitlíochta ar dócha go mbeidh siad ag brath ar bhreoslaí leachtacha go ceann i bhfad.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart a shainaithint sa Straitéis sraith earnálacha agus táirgí bithgheilleagar ar cheart don Aontas díriú orthu i dtús báire, agus conairí a leagan amach chun iad a mhéadú agus chun na gnólachtaí atá ag obair sna hearnálacha sin a neartú. Ní mór dúinn a chur san áireamh gur minic nach bhfuil táirgí bithbhunaithe iomaíoch ó thaobh costais de i gcomparáid le roghanna malartacha iontaise. Ar na hionstraimí a bhféadfaí úsáid a bhaint astu chun gnólachtaí inbhuanaithe a neartú agus a ndálaí a fheabhsú chun gur féidir leo dul ‘ó shaotharlann go táirgeadh’, tá éicilipéadú, nósanna imeachta rialála a shimpliú, réitigh bhithbhunaithe a dhreasú trí sholáthar poiblí, caighdeáin tionscail ábhartha a leagan síos, agus ábhair bhithbhunaithe a thabhairt isteach le haghaidh catagóirí táirgí roghnaithe tar éis measúnú cúramach agus idirphlé a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara uile.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, tá sé i gceist agam an Straitéis a fhorbairt trí idirphlé ionchuimsitheach oscailte le hinstitiúidí an Aontais agus le páirtithe leasmhara. Táim tiomanta na forbairtí eolaíocha is déanaí a úsáid mar bhonn taca don straitéis, agus leas á bhaint agam as na torthaí, na forléargais agus an taighde a cuireadh ar fáil ó rinneadh an straitéis a nuashonrú den uair dheireanach in 2018, agus san áireamh leis sin beidh an Comhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe dar luach EUR 2 bhilliún faoin gclár Fís Eorpach. Agus muid ag féachaint chun cinn, ní mór dúinn a shainaithint freisin cá bhfuil gá leis na mórinfheistíochtaí i dteicneolaíochtaí, in earnálacha, i dtáirgí nó in ábhair lena spreagfar uas-scálú an bhithgheilleagair agus lena ndúnfar an bhearna bhithmhaise ag an am céanna, go háirithe trí thacú le foinsiú inbhuanaithe, tríd an úsáid is mó is féidir a bhaint as bunábhair thánaisteacha ar nós dramhaíl bhia agus feirmeoireachta, agus trí fheidhmeanna ábharacha a bhaint as bithábhair chomh fada agus is féidir.

<u>Ceist ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh</u>

*8. Conas atá sé i gceist agat rannchuidiú leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan? I ndáil leis sin, cad iad na bearta atá beartaithe agat don Ghníomh um an nGeilleagar Ciorclach, go háirithe maidir le hamhábhair chriticiúla? Cén plean atá agat chun an uaillmhian maidir le truailliú nialasach a chur chun cinn agus cad iad na bearta a cheapann tú ba cheart a áireamh sa phacáiste nua maidir le tionscal na gceimiceán? Sa chomhthéacs sin, an bhfuil aon phlean sonrach agat i gcomhair PFAS? Cad iad na bearta atá i gceist agat a chur ar aghaidh faoin Straitéis Athléimneachta Eorpach maidir le hUisce i ndáil leis an earnáil fuinnimh, an earnáil tionsclaíochta agus an earnáil dhigiteach? Conas atá sé mar aidhm agat an Bauhaus Eorpach Nua a fhorbairt tuilleadh?*

Leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, leagfar amach an chaoi a dtacóimid lenár n-iomaíochas, ár n-athléimneacht agus ár neamhspleáchas straitéiseach, agus an aeráidneodracht á baint amach againn ag an am céanna. Tá sé d’aidhm aige sin an t-iomaíochas tionsclaíoch a neartú agus lánúsáid á baint as geilleagar glan ciorclach chun gur lú an truailliú, an t-ídiú acmhainní agus an chailliúint bithéagsúlachta a bheidh ann. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch, leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch, agus leis an Coimisinéir um an Aeráid,

Glan-nialasacht agus Fás Glan ar an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, a bheidh sé d'aidhm aige conair a leagan síos i dtreo dhícharbónú na tionsclaíochta agus i dtreo geilleagar glan ciorclach a bheidh éifeachtúil ó thaobh acmhainní de. Ach cur chuige ciorclach a ghlacadh déanfar táirgiúlacht acmhainní agus úsáid amhábhar tánaisteach a optamú agus ba cheart na cineálacha cur chuige sin a bheith ina gcuid lárnach den Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan.

Ba mhaith liom go ndíreodh an Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach ar na bacainní atá fós ann roimh an aistriú ciorclach. I dtuarascálacha Letta agus Draghi, sainaithníodh gurb é atá i gceist leis na bacainní sin an easpa margadh aonair ciorclach do dhramhaíl, d'ábhair thánaisteacha agus do tháirgí inbhuanaithe, an t-éileamh íseal ar amhábhair thánaisteacha, agus praghsanna ar ábhair phríomhúla nach léiríonn a seach-iarmhairtí. Dá bhrí sin, sa mheasúnú tionchair ar an nGníomh um an nGeilleagar Ciorclach, déanfar scrúdú ar na dúshláin a bhaineann le hamhábhair thánaisteacha ó thaobh éilimh agus soláthair de. Tá sé i gceist agam freisin dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara ar an ábhar sin. Beidh na bearta sonracha a ghlacfar ag brath ar an measúnú sin agus ar ionchur ó na páirtithe leasmhara. I gcás ar bith, beidh sé fíorthábhachtach na rialacha atá ann cheana a chur chun feidhme más áil linn geilleagar ciorclach rathúil a bhaint amach. Sa fhreagra uaim ar cheist 4, leagaim amach na bunchlocha atá le breithniú. Agus na bunchlocha sin á ndearadh, ba mhaith liom saol na gcuideachtaí atá ag gabháil don gheilleagar ciorclach a shimpliú aon áit is féidir. Saincheist atá le breithniú i ndáil leis an méid sin is ea gur cheart táirgeoirí amhábhar tánaisteach a bheith in ann a dtáirgí a dhíol ar fud an Mhargaidh Aonair gan bheith ag plé le rialacha éagsúla i ngach Ballstát.

Beidh cur chuige ciorclach ríthábhachtach chun tagarmharc an Ghnímh um Amhábhair Chriticiúla a bhaint amach, is é sin gur ábhar athchúrsáilte a bheidh i 25% de na hamhábhair straitéiseacha faoi 2030. Ba cheart a áirithiú leis na ceanglais éicidhearthóireachta go mbeidh táirgí ina bhfuil amhábhair chriticiúla deartha le bheith inmharthana, indeisithe agus in-athchúrsáilte. Tá dúshláin ag monaróirí freisin maidir le hamhábhair nach amhábhair chriticiúla iad. Tá lorg carbóin mór ag a lán amhábhar (cruach, stroighin, plaisteach, bitheábhair etc.) agus tá a lán gnólachtaí san Aontas ag brath ar allmhairí ó thríú tíortha, rud a fhágann go bhfuil siad leochaileach ó thaobh luaineachtaí praghsanna agus ganntanais soláthair de agus go bhfuil an tAontas níos leochailí ó thaobh a neamhspleáchais straitéisigh de.

Mar a míníodh cheana féin sa fhreagra uaim ar cheist 5, tá na bearta faoi Phlean Gníomhaíochta 2021 maidir le Truailliú Nialasach curtha i gcrích anois nó tá dul chun cinn maith déanta ina leith. I gcomhréir le treoirlínte polaitiúla an Uachtaráin thoghaí, beidh sé ina thosaíocht do na blianta atá amach romhainn na bearta a chur chun cinn agus tacú leis na Ballstáit – idir réigiúin agus phobail tuaithe agus uirbeacha – ó thaobh a áirithiú go bhfuil na bearta éifeachtach agus go mbainfear amach na torthaí a bhfuil coinne leo.

I dtreoirlínte polaitiúla an Uachtaráin thoghaí, iarrtar go mbeadh pacáiste maidir le tionscal na gceimiceán mar chuid den Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan. Geallaim go n-ullmhóidh mé i gcomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch, togra reachtach lena ndéanfar athbhreithniú ar Rialachán REACH in 2025, mar a luaigh mé cheana sa fhreagra uaim ar cheist 5, a mbeidh sé d'aidhm aige an creat rialála a shimpliú agus a nuachóiriú chun an t-iomaíochas inbhuanaithe agus an tslándáil a mhéadú san Aontas agus chun cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil a áirithiú.

Bagairt do shláinte an duine agus don chomhshaol is ea éilliú ithreach agus uisce de dheasca PFAS agus tá costais mhóra aige sin don tsochaí agus don gheilleagar. Sa fhreagra uaim ar cheist 5, tugaim míniú ar an gcur chuige a ghlacfaidh mé i leith srianta PFAS agus na gcoinníollacha faoina gceadófaí iad a úsáid.

I gceist 3 leag mé amach na pleananna mionsonraithe atá agam don Straitéis Athléimneachta Eorpach maidir le hUisce. Cuid thábhachtach den Straitéis sin is ea an chiorclaíocht agus an éifeachtúlacht uisce a chur chun cinn. Táim tiomanta deiseanna margaidh nua a chothú le haghaidh thionscal uisce an Aontais, tionscal atá an-iomaíoch cheana féin. Is leis an Eoraip a bhaineann 40% de na paitinní domhanda i ndáil le bainistiú uisce agus táim lánchinnte go bhfuil gealladh mór faoinár gcuideachtaí san earnáil seo.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuirfidh mé an Bauhaus Eorpach Nua chun cinn ar catalaíoch leanúnach é de chuid an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Creidim gur féidir leis an Bauhaus Eorpach Nua rud nithiúil a dhéanamh den chiorclaíocht do shaoránaigh, do thaighdeoirí agus do ghnólachtaí trí thionscadail shonracha a chur i bhfeidhm ar an láthair ar fud na mBallstát agus a réigiún. Tá sé i gceist agam cur leis an méid atá bainte amach againn cheana féin agus úsáid á baint as saoráidí maoiniúcháin chun taighde, tástáil agus taispeáint tionscadal a chothú i gcomhréir le meanma Bauhaus agus a thrí bhunluach – inbhuanaitheacht, ionchuimsitheacht agus aeistéitic. Beidh sé d'aidhm aige sin infheictheacht agus ceannach isteach sóisialta an aistrithe ghlan agus chóir a mhéadú agus leas á bhaint as rannpháirtíocht Phobal Bauhaus agus an dearcadh duinelárnach. Oibreoidh mé i

ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Chomhtháthú agus Athchóirithe, leis an gCoimisinéir um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus um Thaighde agus Nuálaíocht agus leis an gCoimisinéir um Fhuinneamh agus Tithíocht.

Ceist ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

*9. D’iarr Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh ort sa litir mhisin ceannaireacht a thabhairt, leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch, ar Ghníomh um an nGeilleagar Ciorclach chun margadh aonair do dhramhaíl a bhunú, agus d’iarrachtaí a fheabhsú chun margadh aonair do tháirgí inbhuanaithe a fhorbairt. Cad é an fís atá agat agus cad iad na gníomhartha sonracha, lena n-áirítear bearta reachtacha, a leanfaidh tú sna blianta amach romhainn chun na cuspóirí sin a bhaint amach?*

Ba mhaith liom an Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach a dhíriú ar na bacainní atá fós ann roimh an aistriú ciorclach. Ar na bacainní sin tá easpa Margadh Aonair ciorclach le do dhramhaíl, ábhair thánaisteacha agus táirgí inbhuanaithe; an t-éileamh íseal ar amhábhair thánaisteacha; agus an chaoi nach léiríonn na praghsanna ar ábhair phríomhúla a seach-iarmhairtí.

Dá bhrí sin, mar chuid den Ghníomh um an nGeilleagar Ciorclach bheinn ag iarraidh bearta a mholadh atá dírithe ar an éileamh agus ar an soláthar agus an creat rialála a shimpliú ag an am céanna mar a luaitear freisin i dtuarascálacha Letta agus Draghi. Beidh na bearta sonracha go léir bunaithe ar mheasúnuithe tionchair cuimsitheacha agus ar thuairimí ó pháirtithe leasmhara. Sna freagraí uaim ar cheisteanna 4 agus 8, mhínigh mé an fhís atá agam agus leag mé amach na gníomhartha atá beartaithe agam a dhéanamh.

Ní beidh mé dall ar na sonraíochtaí a bhaineann le gach cás ós rud é go mbaineann dúshláin éagsúla le hábhair éagsúla ó thaobh soláthair agus éilimh de. Aon ghníomhaíocht chun an margadh le haghaidh acmhainní tánaisteacha a fheabhsú, cuirfear san áireamh inti go bhfuil a saintréithe féin ag na margaí le haghaidh táirgí éagsúla (cuir i gcás plaistigh, teicstílí, miotail, bithábhair agus mianraí neamh-mhiotalacha). Is é an fhís atá agam Margadh Aonair do tháirgí inbhuanaithe a bheith ann, rud a chuirfidh borradh faoin iomaíochas agus a chuirfidh táirgí marthanacha, indeisithe agus ardfheidhmíochta ar fáil do thomhaltóirí. Áiritheoidh an margadh sin cothrom iomaíochta atá cóir agus comhsheasmhach le haghaidh táirgeoirí ar fud na hEorpa. Trí dheiseanna a chothú le haghaidh athchúrsálaithe, athmhonaróiri, deisitheoirí, agus lucht athchóirithe, beidh sé d’aidhm againn poist nua a chruthú ar fud leibhéil scileanna éagsúla agus i ngach Ballstát, rud a spreagfaidh an fás eacnamaíoch agus an inbhuanaitheacht.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, déanfaidh mé comhordú ar an obair i dtreo ghlacadh an Chéad Phlean Oibre um an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe sa chéad bhliain den sainordú. Sainaithneofar sa phlean sin na príomhchatagóirí táirgí le haghaidh chur i bhfeidhm na gcritéar éicidhearthóireachta nua, agus aird faoi leith á tabhairt ar tháirgí ardtionchair le haghaidh tomhaltóirí agus tionscal. Geallaim go ndéanfaidh mé na caighdeáin nua seo a bhunú ar phróiseas comhairliúcháin thrédhearcaigh agus rannpháirtíocht ghníomhach na bpáirtithe leasmhara tríd an bhFóram Éicidhearthóireachta. Tá sé mar sprioc agam ceanglais a bhunú lena gcuirfear le saolré ábhar agus táirgí laistigh de gheilleagar an Aontais agus costais agus iarrachtaí riaracháin á laghdú ag an am céanna do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí araon.

Ar deireadh, a mhéid a bhaineann leis an Margadh Aonair do dhramhaíl, tá céimeanna glactha againn cheana féin chun dul i ngleic le fadhb na hilroinnte i margadh an Aontais trí dheireadh a chur leis na difríochtaí i dtrasuí, léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le dramhaíl. Mar sin féin, níl an Margadh Aonair do dhramhaíl agus d’acmhainní tánaisteacha ag feidhmiú mar is ceart go fóill. Ní mór dúinn fáil réidh leis na bacainní atá fágtha. Mar shampla, d’fhéadfadh cur chuige comhchuibhithe i leith critéir Deiridh Dramhaíola agus i leith Freagracht Leathnaithe Táirgeora an margadh aonair do dhramhaíl agus do na hamhábhair thánaisteacha is toradh uirthi a threisiú a thuilleadh.

Ceist ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

*10. Is iad an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht na húsáideoirí talaimh is mó san Aontas agus mar sin rannchuidíonn siad go mór le spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta an Aontais a bhaint amach. A Choimisinéir Ainmnithe, conas atá sé i gceist agat cothromaíocht a bhaint amach idir na cuspóirí a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a chosaint agus an dúlra a chaomhnú, ar thaobh amháin, agus le táirgeadh talmhaíochta a chothabháil chomh maith le slándáil bia agus úsáid inbhuanaithe bithmhaise a áirithiú ar an taobh eile? Cén*

*plean atá agat athléimneacht uisce talmhaíochta a neartú chun cosaint na talmhaíochta a fheabhsú? Cad iad na smaointe atá agat chun rannchuidiú leis an bhFís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia? Conas a áiritheoidh tú go mbeidh earnáil na talmhaíochta agus earnáil na foraoiseachta comhtháite sa straitéis bhithgheilleagair?*

San Idirphlé Straitéiseach faoi thodhchaí na talmhaíochta san Aontas, tugadh treoir thábhachtach maidir leis na gníomhaíochtaí atá ag teastáil chun córais agraibhia a chruthú atá freagrach ó thaobh na sochaí de, atá brabúsach ó thaobh an gheilleagair de agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé i gceist agam oibriú i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um an Talmhaíocht agus Bia agus leas a bhaint as obair an Idirphlé Straitéisigh chun a áirithiú go leanann earnáil talmhaíochta an Aontais de bheith iomaíoch, athléimneach agus inbhuanaithe.

Is bainisteoirí tábhachtacha talún iad feirmeoirí agus foraoiseoirí a bhfuil dlúthnasc acu leis an timpeallacht nádúrtha. Bíonn siad ag brath ar ithreacha sláintiúla agus ar aer agus uisce glan mar aon le bithéagsúlacht shaibhir, agus tá ról tábhachtach acu ó thaobh cúram a thabhairt do na nithe sin sa tslí gur féidir bia riachtanach sábháilte d'ardcháilíocht a tháirgeadh dúinne uile. Linn charbóin is ea talamh feirmeoireachta freisin agus cuireann sé acmhainní in-athnuaite ar fáil le haghaidh na n-earnálacha bithgheilleagair ar nós na bithmhaise le haghaidh tionsclaíochta agus fuinnimh. Is maith is eol d'fheirmeoirí agus d'fhoraoiseoirí an tionchar a imríonn triomaigh, tuillte, falscaithe, ganntanas uisce agus cailliúint bithéagsúlachta ar a slí bheatha. Ar na tionchair sin tá cosaint níos lú don bhia agus baol níos mó maidir le lotnaidí agus galair ainmhithe. Fágann iomaíocht níos déine le haghaidh acmhainní agus talún gur féidir costais shóisialta agus eacnamaíocha níos airde a bheith ann san fhadtéarma. Ach muid a bheith ag obair as lámh a chéile, táim cinnte gur féidir linn an laghdú ar an mbithéagsúlacht agus an meath ar cháilíocht an uisce a chur ina cheart arís ach cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe a chur chun feidhme.

Ní mór dúinn ioncaim tharraingteacha sheasmhacha a áirithiú d'fheirmeoirí agus d'fhoraoiseoirí a léiríonn an ról ríthábhachtach atá acu ó thaobh rath a chur ar an dúlra, ithreacha a athshlánú agus uisce agus aer glan a chaomhnú. Bainistiú feabhsaithe ar shubstaintí cothaitheacha agus lotnaidicídí, sin cuid den réiteach chun an truailliú a laghdú agus chun cáilíocht na hithreach a chaomhnú, agus é á áirithiú ag an am céanna go leanann an fheirmeoireacht de bheith iomaíoch agus go bhfeidhmíonn sí laistigh de theorainneacha pláinéadacha. Tuigim na dúshláin atá ann ach táim tiomanta oibriú ar son réiteach cothrom ar mhaithe le cách.

Ní mór dúinn freisin táirgeoirí príomhúla a chomhtháthú i slabhra luacha an bhithgheilleagair ar bhealach níos fearr agus leas iomlán a bhaint as sin. I mo chuid oibre chun Straitéis Bhithgheilleagair nua don Aontas a chur a láthair, tá sé i gceist agam dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara uile, feirmeoirí agus foraoiseoirí san áireamh, chun a áirithiú go gcuirfear a ndearcthaí agus a riachtanais san áireamh (féach ceist 7).

Braitheann slí bheatha na bhfeirmeoirí ar an méid a tháirgeann siad. Earnáil dhúshlánach atá sa talmhaíocht atá ag brath ar staid na haimsire agus ar phraghsanna margaidh a bhíonn ag athrú go minic. Más mian linn go nglacfaidh feirmeoirí níos mó le cleachtais atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ní mór dúinn leanúint de cheachtanna a fhoghlaim ón méid atá curtha in iúl ag na feirmeoirí le míonna beaga anuas agus cur chuige nua a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun an inbhuanaitheacht a bhaint amach, chun tacú leis an dícharbónú agus chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú. Creidim go láidir gur cheart oibriú le dreasachtaí dearfacha agus le luachanna saothair amhail íocaíocht as éicisheirbhísí chun caomhnú agus úsáid na n-éicisheirbhísí sin a chur chun cinn. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tabharfaidh mé tús áite do ghníomhaíochtaí atá dearfach don dúlra mar nithe a chuireann leis an gcistiú poiblí, agus chuige sin cuirfear dlús leis an obair ar chreidmheasanna dúlra i ndlúthchomhar le páirtithe leasmhara lena n-áirítear na Ballstáit agus comhpháirtithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta.

Leis an dá thogra reachtacha atá ar na bacáin le haghaidh faireachán ar fhoraoiseacha agus ar ithreacha, ba cheart go ndéanfaí deimhin de gur ann d'fhaireachán feabhsaithe agus do bhainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, táim ag tnúth le bheith ag obair le Parlaimint na hEorpa ar na saincheisteanna sin. Táim cinnte gur gá dúinn oibriú le dreasachtaí chun an creat ceart a shocrú d'fhoraoiseoirí ionas gur féidir leo foraoisí athléimneacha a chur chun cinn, foraoisí a chuirfidh leis an mbithéagsúlacht, leis an maolú ar an athrú aeráide, leis an oiriúnú agus leis an mbithgheilleagar, agus táim cinnte gur gá dúinn aitheantas a thabhairt

d’iarrachtaí i leith na hinbhuanaitheachta atá ar siúl faoi láthair. Beidh sé d’aidhm agam maoiniú príobháideach a éascú agus a spreagadh sa chomhthéacs sin.